Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT FHEIDHMEACH 2009

# AN SCÉIM MHARCÁLA

# AN GHAEILGE AGUS AN CHUMARSÁID

# TREORACHA GINEARÁLTA

1. Le linn na marcála ní mór cloí go dlúth leis an Scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gComhdháil Mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gComhdháil nó ina dhiaidh sin.

2. Ní mór don Scrúdaitheoir Cúnta an mharcáil ar na freagarleabhair a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór botúin a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.

3. Ní mór na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na focheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gComhdháil iad) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar na freagarleabhair.

4. Ní ceart don Scrúdaitheoir Cúnta aon rud a scríobh i gcorp an fhreagarleabhair ach amháin marcanna, comharthaí, ticeanna, línte.

| Don Scrúdaitheoir | |
|---|---|
| **PÁIRT** | **MARC** |
| **PÁIRT 1 (Closamharc)** | **40** |
| **CUID A hAON** | 14 |
| **CUID A DÓ** | 13 |
| **CUID A TRÍ** | 13 |
| **PÁIRT 2 (Scrúdú Scríofa)** | **120** |
| **A. Ullmhú don Obair** | 40 |
| **B. An Chumarsáid & An Fhiontraíocht** | 40 |
| **C. Ceapadóireacht & Léirmheastóireacht** | 40 |
| **IOMLÁN** | **160** |
| **CREIDIÚINTÍ** | |

Caithfear triail a bhaint as **gach ceist** sa Pháirt seo.

**Páirt 1 – SCRÚDÚ CLOSAMHAIRC** **40 marc**

**CUID 1** **14 mharc = 2 +6(2+2+2)+ 6(3+3)**

**1.** Cén áit a raibh Dara Ó Cinnéide nuair a chuir sé tús lena chuid taistil anseo?
Cuir (✓) sa bhosca cuí. **2 mharc**

- **(i)** Ar an mBuailtín ☐
- **(ii)** Sa Chorrán ☐ ✓
- **(iii)** In Abhainn an Scáil ☐

**2.** Breac síos **trí dhúshlán** a luaitear sa phíosa. **6 mharc = 2 mharc x 3**

**Aon thrí dhúshlán a luadh sa chlár**

- Teacht ar na daoine a bhí sna cartaí poist a thóg John Hinde
- Teacht ar na radhairc / suímh a bhí sna cartaí poist a thóg John Hinde
- Griangraif nua a athchruthú
- Cárta Poist úrnua a thógáil
- Teacht ar dhaoine a bheadh in ann cabhrú leis
- Teacht ar na fearais a bhí le feiceáil i gCárta Poist 1

*nó*

- Aon fhreagra eile atá inghlactha

**3.** Céard iad **na hábhair** (toipicí / radharcanna / suíomhanna etc.) atá le feiceáil sa chéad dá chárta poist de chuid John Hinde? Is leor cúpla pointe eolais, i ngach cás. **6 mharc = 3 mharc x 2**

**(i) An Chéad Chárta Poist**

**Caithfear an uachtarlann nó coincheap gnó na huchtarlainne a bheith luaite chun an 3 mharc a fháil**.

| | |
|---|---|
| • staid na huachtarlainne | 3 mharc |
| • leoraí na huachtarlainne | 3 mharc |
| • uachtaralann | 3 mharc |
| • feirmeoirí ag an uachtarlann | 3 mharc |
| • capaill agus cairt / trucaill | 3 mharc |
| • cannnaí bainne | 3 mharc |
| • feirmeoirí ag díol a gcuid bainne | 3 mharc |
| • leoraí an bhainne | 3 mharc |

**(ii) An Tarna Cárta Poist**

| | |
|---|---|
| • capaill agus marcaigh ar an trá | 3 mharc |
| • scoil mharcaíochta ar an trá | 3 mharc |

Má luaitear na gnéithe éagsúla den suíomh, ceann ar cheann, bronntar marc an ceann orthu (focail aonair gan ionramháil).

| | |
|---|---|
| capaill / capall / 5 chapall | 1 mharc |
| marcaigh / marcach / 5 marcach | 1 mharc |
| an trá | 1 mharc |
| an fharraige | 1 mharc |
| lá grianmhar | 1 mharc |

**Focail gan ionramháil:** = 1mharc

**Iomlán 14 mharc**

**CUID 2** **13 mharc = 5+3+5**

**4.** ‘*Táimid anseo i gCathair Dónall. Táimid ag tiomáint timpeall le nach mór leathuair a’ chloig*.’

Cén fáth ar chuaigh Dara Ó Cinnéide amú nuair a chuaigh sé sa tóir ar an suíomh campála den chéad uair? **5 mharc**

- an seoladh / suíomh mí-cheart aige 5 mharc
- an seoladh / suíomh mí-cheart luaite ar an gcárta poist 5 mharc
- deacracht aige teacht ar an áit ón mbóthar 5 mharc
- tugadh treoracha mí-chearta dó ag an tús 5 mharc
- ní raibh léarscáil / mapa na háite aige 5 mharc
- shíl sé féin go raibh a fhios aige cá raibh an áit 5 mharc

**5.** Cén ‘*crann taca*’ a bhí i seilbh Dhara Uí Chinnéide nuair a chuaigh sé sa tóir ar an suíomh campála, i ndiaidh dó a bheith ag caint le bean an tsiopa? **3 mharc**

- léarscáil /mapa na háite 3 mharc
- an chomhairle / an chabhair a fuair sé ó bhean a’ tsiopa 3 mharc

**6**. Céard í an difríocht ba mhó, ó thaobh ábhair de, a bhí idir an grianghraf a thóg Dara Ó Cinnéide agus an ceann den suíomh céanna a thóg John Hinde, na blianta ó shin? **5 mharc**

- Níos mó carbhán (ar an suíomh campála) 5 mharc
- Níos mó daoine / turasóirí ag campáil ann 5 mharc

**Iomlán 27 marc**

## CUID 3 (13 mharc)

**7.** *Chruthaigh Dara Ó Cinneíde a chárta poist féin agus ba dhóigh leis féin go raibh sé inchurtha le ceann ar bith a thóg John Hinde.* **(6 mharc)**

**(i)** Cén fáth ar roghnaigh Dara Ó Cinnéide an t-ábhar áirithe sin dá chárta poist féin?

- Tábhacht na turasóireachta / na dturasóirí don cheantar — 3 mharc
- An Turasóireacht / Turasóireacht — 3 mharc
- Ba dhóigh leis / Shíl sé go raibh an t-ábhar inchurtha le / cosúil leis / chomh maith leis na cinn a thóg John Hinde. — 3 mharc

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar a bhfuil le feiceáil sa chárta poist a chruthaigh Dara Ó Cinnéide.

- Tursaóirí ann — 3 mharc
- Gearmánaigh ann — 3 mharc

**8.** Maidir le **Cárta Poist 1** *nó* **Cárta Poist 2** luaigh an duine / na daoine a chabhraigh go mór leis an suíomh a athchruthú agus déan cur síos gearr ar an gcabhair a tugadh dó. **(5 mharc = 2+3)**

**(i)** An Cárta Poist a roghnaigh tú: **Cárta Poist 1** ☐ *nó* **Cárta Poist 2** ☐
Cuir (✓) sa bhosca cuí.

- ➢ Níl aon mharc ag dul ar (i) ach caithfidh an t-eolas in (ii) agus (iii) a bheith ag teacht leis.
- ➢ Sa chás go bhfágann siad an dá bhosca bán marcáil (ii) agus (iii) thíos sa ghnathshlí, fad is go mbaineann an t-eolas iontu leis an gcárta céanna, i.e Carta 1 nó Carta 2.
- ➢ Má mheascatar an t-eolas ón dá chárta in (ii) agus (iii) bronntar 0 (náid) ar an dá cheann.
- ➢ Má thugtar eolas a bhaineann le Cárta 3 bronntar 0 (náid)

**(ii)** An duine / na daoine a chabhraigh le Dara:

- Cárta 1: Damien Duff — 2 mharc
- Cárta 2: Muintir / clann Uí Mhoráin — 2 mharc
- Eolas ciallmhar a eascraíonn ón mhéid a chonaic siad nó a chuala siad — 2 mharc

**(iii)** An chabhair a tugadh dó:

- **Cárta I**: Fuair sé an leoraí dó — 3 mharc
  Fuair sé na fearais dó — 3 mharc
  Fuair sé na daoine dó — 3 mharc
  Chuir sé gaolta na ndaoine ann in aithne do Dhara — 3 mharc
  Chabhraigh sé leis an suíomh a athchruthú — 3 mharc

- **Cárta 2**:Chabhraigh siad leis an suíomh a athchruthú — 3 mharc
  Fuair siad na capaill agus na marcaigh dó — 3 mharc
  Thaispeáin siad dó cár tógadh an griangraf an chéad uair. — 3 mharc

**9.** Cé acu díobh seo a leanas an t-ainm áite a luaigh Dara? Cuir (✓) sa bhosca cuí. **(2 mharc)**

**(i)** Uíbh Ráthach ☐✓ Uíbh Laoghaire ☐ Uíbh Eachach ☐ — 2 mharc

**Iomlán 40 marc**

# Páirt 2 – SCRÚDÚ SCRÍOFA

## A. ULLMHÚ DON OBAIR

Freagair **Ceist 1** *nó* **Ceist 2** anseo.

**Ceist 1 (Ag cur C V foirmiúil le chéile) 40 marc**

Léigh an cuntas seo a leanas, **Peannphictiúr – Amanda Ní Shuilleabháin.** Ansin déan amach **CV (curriculum vitae) foirmiúil** d'Amanda Ní Shuilleabháin, bunaithe ar an eolas atá sa phíosa.



### Peannphictiúr – Amanda Ní Shuilleabháin

Is déagóir seacht mbliana déag í Amanda Ní Shuilleabháin. Tá sí ag ullmhú don Ardteistiméireacht Fheidhmeach faoi láthair. Tá bliain a haon den chlár críochnaithe aici. Rugadh Amanda ar an 10 Bealtaine 1992. Is é an seoladh atá aici ná Fána an Easa, Bóthar na hEaglaise, Cill Airne, Co. Chiarraí. D'fhreastail sí ar Bhunscoil Áine, An tSráid Mhór. Ina dhiaidh sin chuaigh sí go dtí Pobalscoil Mhichíl, atá suite ar imeall an bhaile. Rinne sí an Teastas Sóisearach sa bhliain 2008. Fuair sí grád A sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, grád B sa Mhata agus san Eolaíocht agus grád C sna hábhair eile, Stair, Tíreolaíocht, Fraincis agua Saoránaíocht.

Mí na Nollag seo caite, chaith Amanda coicís ar chleachtadh (thaithí) oibre. Bhí sí ag obair sa leabharlann. I measc na rudaí a bhí le déanamh aici, bhí uirthi cuntas a choimeád ar an ríomhaire faoi na leabhair agus na dioscaí digiteacha a tugadh amach ar iasacht. Chomh maith leis sin d'fhéach sí chuige go raibh na leabhragáin agus na boird in ord agus in eagar. Bhí an leabharlannaí, Bríd de Búrca, an-sásta le hobair Amanda agus thug sí ardmholadh di ar an Teastas Fostóra. Cheana féin tá post páirtaimseartha geallta d'Amanda sa leabharlann don samhradh seo.

Tá spéis mhór ag Amanda i ngach saghas spóirt, go háirithe sa lúthchleasaíocht. Is ball í de chlub lúthchleasaíochta agus bhuaigh sí bonn óir sa rás 1500 méadar i gcraobh na Mumhan le déanaí. Téann Amanda go dtí an phictiúrlann go rialta. Ba é an pictiúr ab fhearr a chonaic sí i mbliana ná *Slumdog Millionair*e. Ba mhaith léi a bheith mar iomaitheoir sa chomórtas, Rós Thrá Lí, bliain éigin amach anseo.



**Sampla: Curriculum Vitae** **<u>40 marc</u>**

**Mé Féin** **(10 marc)**

**Ainm & Sloinne**: *Amanda Ni Shuilleabháin* 4 mharc

**Dáta Breithe**: *10 Bealtaine 1992 (10.05.92)* 3 mharc

**Seoladh**: *Fána an Easa, Bóthar na hEaglaise, Cill Airne, Co. Chiarraí.* 3 mharc

**Scolaíocht (Oideachais):** **(10 marc)**

*Bunscoil Áine, An tSráid Mhór, Cill Airne, Co. Chiarraí.* 2 mharc
*Pobalscoil Mhichíl, Cill Airne, Co. Chiarraí.* 2 mharc
*Tá Bliain 1 de chlár na hArdteistiméireachta Fheidhmigh déanta agam.* 2 mharc
Torthaí Scrúduithe**:** 4 mharc

**Taithí Oibre:** **(10 marc)**
*Coicís ag obair sa leabharlann aitiúil. Mí na Nollag, 2008.* 4 mharc
*Fuair **mé*** ardmholadh ar an Teastas Fostóra ón Leabharlannaí, Bríd de Búrca* 3 mharc
*Post páirtaimseartha geallta **dom*** an samhradh seo.* 3 mharc

**Caitheamh Aimsire**: **(10 marc)**

**Spórt / Lúthchleasaíocht**:
*Is ball **mé*** sa chlub áitiúil. Bhuaigh **mé*** bonn óir i gcraobh na Mumhan sa rás 1500 méadar i mbliana.* 4 mharc

**An Phictiúrlann:**
***Téim**** ann go rialta. Ba é an pictiúr ab fhearr a chonaic **mé*** i mbliana ná Slumdog Millionaire.* 3 mharc

**Mian mo* chroí:** *A bheith mar iomaitheoir sa chomórtas Rós Thrá Lí, bliain éigin amach anseo.* 3 mharc

*Bheifí ag súil leis go mbeadh an CV sa chéad phearsa, is é sin gurb í Amanda féin a chur le chéile í. Ag an am gcéanna bheadh sé pas beag ródhian pionós a chur ar an iarrthóir dá mbeadh sé sa tríú pearsa. Ar an ábhar sin **glactar leis an tríú pearsa**.

**Iomlán 80 marc**

**Ceist 2** **(40 marc)**

Léigh an fógra seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

## ÓSTÁN CHEANN TRÁ

Beidh óstán nua, Óstán Cheann Trá, ag oscailt go luath. Baineann an t-óstán seo leis an tsraith óstán a dtugtar ***Óstáin na Mara*** orthu.

**POIST LE LÍONADH**

Beidh na poist seo a leanas le líonadh san óstán nua:

- **Fáilteoir** (4 phost)
- **Freastalaí sa bhialann** (10 bpost)
- **Póirtéir** ( 4 phost)
- **Freastalaí beáir** ( 20 post)
- **Obair tí** (20 post)

Is poist lánaimseartha iad formhór na bpost seo ach fáilteoimid freisin roimh iarratasóirí ar mhaith leo obair go páirtaimseartha linn.
**Roghnófar iarratasóirí le haghaidh agallaimh, bunaithe ar an eolas a thugann iarratasóirí ar na foirmeacha iarratais ríomhphoist, a sheolfaidh siad chugainn**.

Foirmeacha iarratais agus tuilleadh eolais le fáil ag:
*www.ostannamara.ie* ag an nasc, *Ceann Trá*.

Freagair (**a**), (**b**) *agus* (**c**) anseo thíos:

**(a)** Bhí spéis agat i gceann de na poist atá fógraithe thuas. Scríobh an t-eolas a fuair tú faoin bpost ó *www.ostannamara.ie* ag an nasc, *Ceann Trá*: **(12 mharc)**

**(i)** **An post** agus **an obair**: as 8 marc = 2 mharc x 4

**(ii) Na Cáilíochtaí**: as 4 mharc = 2 mharc x 2

**(b)** Chuir tú isteach ar an bpost ar fhoirm iarratais ríomhphoist. Scríobh síos an t-eolas a líon tú isteach ar an bhfoirm iarratais maidir leis na pointí seo a leanas fút féin*. **(16 mharc)**

**1. Scolaíocht (Oideachas)**: as 4 marc = 2 mharc x 2

**2**. **Taithí (Cleachtadh) Oibre**: as 4 mharc = 2 mharc x 2

**3.Torthaí Scrúduithe**: as 4 mharc = 2 mharc x 2

**4. Caitheamh Aimsire**: as 4 mharc = 2 mharc x 2

* Má dhéantar cóipeáil ghlan, gan ionramháil ar bith déanta air, ar a bhfuil ann faoi Amanda Ní Shuilleabháin i gCeist 1 baint**ear 10% den mharc a fhaigheann an t-iarrthóir as 16**. Má dhéantar an t-ionramháil is lú ar na firicí ná cuir aon phionós i bhfeidhm.

**(c)** Fuair tú cuireadh le haghaidh agallaimh. Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoin ullmhúchán a rinne tú le haghaidh an agallaimh agus dhá phointe eolais faoin agallamh. **12 mharc = 6(3+3) + 6(3+3)**

**1. An t-Ullmhúchán le haghaidh an agallaimh** as 6 mharc = 3 mharc x 2

**2. An t-Agallamh Féin** as 6 mharc = 3 mharc x 2

**Iomlán 80 marc**

## B. AN CHUMARSÁID AGUS AN FHIONTRAÍOCHT

Freagair **Ceist 1** *nó* **Ceist 2**

**Ceist 1** Freagair **(a), (b), (c), (d)** *agus* **(e)** anseo. **(40 marc)**

**(a)** Cé acu a rinne do rangsa, comhlacht a bhunú *nó* seirbhís a chur ar fáil?
Cén t-ainm a thug sibh ar an gcomhlacht nó ar an tseirbhís? **(as 2 mharc = 1+1)**

Cé acu a rinne sibh? 1 mharc
Cén t-ainm a thug sibh air/uirthi? 1 mharc

**(b)** Scríobh síos **trí phointe eolais** faoin gcoiste a bhí i mbun an chomhlachta nó na seirbhíse.
**(as 12 mharc = 4 mharc x 3)**

Glactar le pointí inchosanta. Bheifí ag súil le tagairtí do nithe mar seo; oifigigh an choiste – Cathaoirleach, Rúnaí, Cisteoir – cruinnithe – nósanna cruinnithe – miontuairiscí – moltaí – rúin. Seans go neosfar cad a tharla agus nach luafar na téarmaí oifigiúla. Sa chás sin bronntar marcanna as 4 mharc do gach pointe eolais atá inchosanta

**(c)** Cad iad na deacrachtaí ba mhó a bhain le hobair an chomhlachta *nó* na seirbhíse nuair a bhí sé/sí bunaithe? Is leor **dhá phointe eolais** a lua. **(as 8 marc = 4 x 2)**

Glactar le pointí inchosanta. Seo a leanas samplaí de na deacrachtaí a d'fhéadfaí a lua ach beidh pointí eile inchosanta ag na hiarrthóirí freisin. Marcáil gach pointe **as 4 mharc**.

- duine nó beirt ag déanmah na hoibre ar fad;
- tinreamh lag ar chruinnithe a bhí eagraithe tar éis ghnáth-am scoile;
- an múinteoir ranga as láthair de bharr tinnis phearsanta;
- easaontas i measc ball an choiste;
- imeachtaí eile sa scoil ag teacht salach ar phleananna a bhain leis an obair;
- easpa tacaíochta ón bpobal lasmuigh a raibh obair an chomhlachta nó na seirbhíse ag brath air.

**(d)** Inis conas a fuair an rang réiteach ar **dheacracht amháin** atá luaite agat in **(c)** thuas.
**(6 mharc)**

- An deacracht féin luaite – 3 mharc
- An Réiteach – 3 mharc

**(e)** Déan cur síos ar an obair a rinne tú féin: **(12 mharc = (3 x 2)+(3 x 2) )**

**(i)** i mbunú an chomhlachta nó na seirbhíse: as 6 mharc = 2 phointe eolais = 3 x 2

**(ii)** nuair a bhí an comhlacht nó an tseirbhís i mbun oibre: as 6 mharc = 2 phointe eolais = 3 x 2

**Iomlán 120 marc**

**Ceist 2** Freagair **(a), (b)** *agus* **(c)** anseo. **(40 marc)**

**(a)** Mínigh **cúig cinn** de na téarmaí seo a leanas:

Rúnaí; ús; brábús; iasacht; fiacha; miontuairisc; leachtú; scair; bainisteoir. **(as 10 marc = 2 mharc x 5)**

**Moltar gan bheith dian sa mharcáil anseo. Bronn an 2 mharc nó náid**

**(b)** Thug do rangsa cuireadh do Theachta Dála áitiúil teacht isteach chugaibh chun éisteacht leis na tuairimí a bhí agaibh faoi phoist nua a chur ar fáil sa cheantar. Phléigh sibh tuairimí eadraibh féin roimhré agus shocraigh sibh ar **thrí** mhórthuairim a chur os comhair an Teachta Dála. Breac síos na **trí** mhórthuairim sin. **(as 15 mharc = 5 mharc x 3)**

Beidh éagsúlacht thuairimí anseo. Ní ardthuairimí eacnamaíochta ná fostaíochta atá ag teastáil anseo ach gnáththuairimí an aoisghrúpa seo. Gheobhfar b'fhéidir moltaí mar seo: gur cheart don TD éisteacht lena a bhfuil le rá ag an bpobal áitiúil; poist pháirtaimseartha a chur ar fáil do dhaoine óga; níos mó cúrsaí traenála agus printíseachta a bheith ann.

**(c)** Scríobh síos **trí phointe** a d'fhoghlaim tú féin agus do chomhscoláirí faoi na buntaistí a bhaineann le húsáid na teicneolaíochta cumarsáide sa bhfionntraíocht.
**(as 15 mharc = 5 mharc x 3)**

Seo roinnt de na pointí a d'fhéadfaí a lua:

- Éascaíocht teagmháil a dhéanamh le daoine anois – ríomhphost, téacsanna, fón póca, ríomhaire glúine etc
- Éagsúlacht in úsáid an ghréasáin nó na hidirlinne
- Éagsúlacht in úsáid an fhóin phóca
- Bealaí nua fógraíochta agus poiblíochta ann –
- Eolas agus comhairle faoi chuile rud faoin spéir ar fáil ar na suímh ghreasáin
- Is féidir obair / comhlacht a riaradh ó do theach féin
- Is féidir díol agus ceannacht gan do theach féin a fhágáil
- Is féidir cruinnithe agus comhdhálacha a eagrú trí úsáid na teicneolaíochta cumarsáide.

**Iomlán 120 marc**

# C. CEAPADÓIREACHT & LÉIRMHEASTÓIREACHT

Freagair Ceist 1 *nó* Ceist 2.

**Ceist 1** **(40 marc)**

Léigh an dán ***Simléir***. Ansin freagair na ceisteanna **(a)** go **(j)**.

## Simléir

Chuireadh m'athair an simléar trí thine,
faoi dhó sa bhliain, ar a laghad. Páipéar nuachta
an bealach ab fhearr leis, é a chur suas
an simléar is a lasadh, is níorbh fhada
go mbeadh an deatach drochmhúinte tráthúil
ag brúchtadh amach ar na comharsana.

Winnie Farrell, bean a chónaigh
ar an bportach léi féin, i bhfad
ó shaol na nuachtán, dosán aitinn a rinne
an gnó di, á tharraingt aníos le rópa
is an chailleach ag briseadh a croí ag gáire
faoin súiche ag titim ar an teallach.

Máistir scoile a d'inis dúinn uair
faoi ghandal a cuireadh suas, i dteach
de na tithe móra, leis an simléar breá a ghlanadh
is mar a fadaíodh an tine thíos faoi
le faitíos go n-athródh sé a intinn
is é ag déanamh ar an solas in airde.

*Seán Ó Leocháin*

---

**(a)** Tá trí shlí luaite sa dán ***Simléir***, a ndéantaí simléir a ghlanadh fadó. Cad iad?

**(6 mharc = 2 mharc x 3)**

- an simléar a chur trí thine = páipéar nuachta a chur trí thine agus é a chur in airde sa simléar
- dosán aitinn a tharraingt anuas tríd an simléar le rópa
- gandal a chur suas sa simléar agus é a chur amach trí bharr an tsimléara

**(b)** Cé chomh minic is a ghlanadh athair an fhile an simléar? **(2 mharc)**

- faoi dhó sa bhliain, ar a laghad

**(c)** Conas a bheadh a fhios ag na comharsana go raibh athair an fhile ag glanadh an tsimléara? **(2 mharc)**

- D'fheicfidís an deatach ag brúchtadh amach

**(d)** **(i)** Cá raibh Winnie Farrell ina cónaí? **(2 mharc)**

- Ar an bportach

**(ii)** Cé a bhí ina chonaí in éineacht léi? **(2 mharc**

- Ní raibh aon duine ina chónaí léi = bhí sí léi féin

**(e)** Cad faoi a mbíodh an chailleach (Winnie Farrell), ag briseadh a croí ag gáire? **(2 mharc)**

- Faoin súiche ag titim ar an teallach

**(f)** Cá bhfuair an file an scéal faoin ngandal? **(2 mharc)**

- Ó mháistir scoile

**(g)** Cén fáth ar fadaíodh / lasadh an tine ar an teallach sna tithe móra nuair a bhíodh an simléar breá á ghanadh? **(2 mharc)**

- Chuirtí gandal suas sa simléar le heitilt ón teallach go dtí an barr agus lasadh tine ar an teallach ansin sa tslí nach dtiocfadh an gandal anuas tríd an simléar arís.

**(h)** Ainmnigh dán *nó* scéal *nó* dráma Gaeilge a ndearna tú féin staidéar air i gcaitheamh do chuid ama san Ardteistiméireacht Fheidhmeach.

- Ainm an tsaothair **(2 mharc)**

**(i)** Scríobh síos ainm an té a chum an dán *nó* an scéal *nó* an dráma atá luaite agat in **(h)** thuas.

- Ainm an údair **(2 mharc)**

**(j)** Scríobh cuntas gairid ar an dán *nó* ar an scéal *nó* ar an dráma atá luaite agat in **(h)** thuas. **(16 mharc)**

**Iomlán 160 marc**

**CEIST 2** **(40 marc)**

Léigh an cuntas seo a leanas, **Fear na Cumarsáide** (bunaithe ar alt in ***Beo***).
Ansin freagair na ceisteanna, **(a)**, **(b)**, **(c)** agus **(d)** a ghabhann leis.

## FEAR NA CUMARSÁIDE

**1.** Ó bheith ag féachaint ar na cláir theilifíse *Fáilte Towers, Faoi Lán Cheoil agus The All Ireland Talent Show,* tá súil aithne ag mórán de phobail na tíre seo ar an gcraoltóir John Creedon. Ní réalta thar oíche é John, áfach. Tá breis agus cúig bliana is fiche caite aige ag cabaireacht agus ag casadh ceirníní ar na haertonnta náisiúnta.

**2**. Saolaíodh John Creedon sa bhliain 1958 i gcathair Chorcaí. Tiománaí bus ba ea a athair agus bhí siopa gnóthach ag a mhuintir i Sráid Choburg ag bun Chnoc Phádraig. Go bhfios do John ní dhúntaí an siopa ach ar Lá Nollag amháin. Bhí dáréag sa chlann agus thug gach duine lámhchúnta sa siopa agus é/í ag fás aníos. Níl áit níos fearr ná siopa le bunscileanna na cumarsáide a chleachtadh.

**3.** Is iomaí post ar bhain John Creedon triail as ar mhaithe le teacht isteach a shaothrú. D'oibrigh sé i siopa a mhuintire tar éis na hardteiste. Aisteoir breise a bhí ann nuair a rinneadh an scannán *The Great Train Robbery* i gCorcaigh. Dhíol sé fógraíocht ar son raidió bhradaigh. Bhí post mar chúntóir aige i leabharlann. Chaith sé tamall ina ghlantóir i siopa de chuid Pennys. D'oibrigh sé ag tráth éigin eile i saotharlann dísle i monarcha chairpéad ag plé le dáthú na gcairpéad. Sa bhliain 1987 chuir sé féin agus 4,000 duine eile isteach ar phost raidió le RTÉ. Bhí idir agallaimh, trialacha agus cúrsaí traenála i gceist ann agus sa deireadh thiar thall fuair John an post. Tá sé ag obair le RTÉ, a bheag nó a mhór, ó shin i leith.



**4.** Tá féith an ghrinn in John Creedon agus bhí sé ar an gcéad duine a chuireadh 'spota grinn' i láthair ar chlár raidió, ar aon dul le Mario Rosenstock agus a leithéidí anois. Chruthaigh Creedon an carachtar samhalta *Terence*, gruagaire spéaclach simplí ó Chorcaigh a bhí tugtha don mhana, 'Keep into the wall and mind the buses.'

**5.** Is beag nár chaill John Creedon a phost le RTÉ cúpla uair nó murar chaill tugadh amanta oibre míshóisialta dó. Ag an am gcéanna níor chaill sé a mhisneach nuair a bhí sé thíos agus níorbh fhada go raibh sé ar ais ag cababaireacht agus ag casadh na gceirníní. Tuigeann RTÉ luach John Creedon chun lucht éisteachta a mhealladh agus a choimeád. Leagann sé féin béim ar luachanna áirithe ina shaol féin, a chlann, a mhuintir, cúiseanna carthanachta agus a chuid oibre, ach iad a bheith san ord sin. Is duine séimh é John agus tagann sé sin trasna go soiléir ina chuid clár, bíodh sé sin ar an radió nó ar an teilifís. Ní chleachtann fear na cumarsáide an focal crua ná an ráiteas borb.

## Ceisteanna

**(a) '**Ní réalta thar oíche é John, áfach.'(**Alt 1**) Mínigh a bhfuil i gceist ag an údar leis seo. **(10 marc)**

- Eolas ón bpíosa a thugann le fios go bhfuil John ag obair le breis agus cúig bliana is fiche le RTÉ agus go bhfuil cur amach ag an lucht éisteacht air le tamall maith de bhlianta.

Blocmharc as 10 marc

**(b)** Scríobh **trí phointe eolais** (as **Alt 2)** faoi mhuintir / theaghlach John Creedon.

**(10 marc = 4+3+3)**

- Ba as Corcaigh dá mhuintir.
- Tiománaí bus ab ea a athair.
- Bhí siopa ag a mhuintir.
- Bhí dáreag sa chlann.
- D'oibrigh a mhuintir go dian. Ní dhúntaí an siopa ach ar Lá Nollag.
- Thug gach duine sa chlann lámhchúnta sa siopa agus iad ag fás aníos.

**(c)** Luaigh **na poist éagsúla** a bhí ag John Creedon **sular thosaigh** sé ag obair le RTÉ. (**Alt 3**)

**(10 marc = 2 mharc x 5)**

**5 phointe ar bith** as na cinn seo a leanas. Ní gá go mbeadh an fhoclaíocht ar aon dul leo seo.

- D'oibrigh sé i siopa a mhuintire.
- Aisteoir breise a bhí ann.
- Dhíol sé fograíocht raidió bhradaigh.
- Bhí sé mar chúntóir sa leabharlann.
- Chaith sé tamall ina ghlantóir i siopa de chuid Pennys.
- D'obrigh sé i monarcha chairpéad

**(d)** Déan cur síos ar an sórt pearsantachta atá ag John Creedon, dar leis an údar.

**(10 marc = 2 mharc x 5)**

Moltar a bheith tuisceanach sa mharcáil anseo. Glactar le sórt pearsantachta agus / nó saghas duine.

**5 phointe eolais ar bith** as na cinn seo a leanas. Ní gá go mbeadh an fhoclaíocht ar aon dul leo seo.

- Deirtear go bhfuil sé séimh
- Ní chleachtann sé an focal crua nó an ráiteas borb.
- Leagann sé féin béim ar luachanna áirithe ina shaol féin, a chlann, a mhuintir, cúiseanna carthanachta agus a chuid oibre, ach iad a bheith san ord sin *
- Oibrí dian dícheallach atá ann. Bhí sé breá ábalta tabhairt faoi phoist dhifriúla.
- Bhí sé comhoibritheach sa bhaile agus in RTÉ.
- Tá lucht éisteachta dílis aige.
- Tá teacht aniar ann. Ní ligeann sé do rudaí cur isteach air rómhor.
- Ní chailleann sé misneach nuair a bhíonn sé thíos.
- Tá féith an ghrinn ann.

* Má thugtar na pointí atá anseo, ceann ar cheann, glactar leo mar phointí eolais iontu féin.

**Iomlán 160 marc**